AG SEOLADH ABHAILE

Le FEARGAL MacGIOLLA GUNNA

An bhliain seo caite shiúlamar bothar stairiúil tré Bhéal an Átha Mhóir, Fíodnach agus Céis Carragáin go dtí Cara Droma Rúisc. I mbliana ní ar bhóthar, ar shlí ná ar ród a bheidh ar dtriall ach ar abhainn na Sionainne féin. Rinne an duine an bóthar ach ba é Dia a rinne an abhainn. Is dócha gurbh í an tSionainn an bealach a tháinig an chéad fhear go dtí anchuid seo den tír agus ó shin i leith tá dluth bhaint idir an abhainn árso seo agus Condae Liatroma agus a mhuintir.

Tá alán daoine ann a cheapann go bhfuil aithne acu ar an tSionainn ó bheith ag féachaint uirthi anois is arís, nó fiú ó bheith ag siúl nó ag iascaireacht ar a bruacha. Ach mar a deir an seanfhocal, "ní haitheantas go haontíos" Más mian linn aithne cheart a chur ar abhainn caithfimid seoladh uirthi i "mbád seascar siúlach", mar a dúirt an file.

Ní haoin ionadh gur fhéach na daoine fadó ar an abhainn mar rud beo, nó mar duine daonna féin fiú amhain, agus gur chum siad seanchas a léirigh a meas uirthi. Sa Dindsheanachas léimid

"Sinann, ca hadbar diata
inneosad cen immarga:
atber cen snaidm co solus
a hinm is a bunadus."

se sin "An tSionainn, an fáth gur ainmniodh í, inseoidh mé gan bhréag; míneoidh mé go soiléir a hainm is a bunús." An té a scriobh an dán atá le fáil sa Dindsheanchas ag miniú conas a fuair an abhainn a hainm d'éirigh leis rud eile a dhéanaimh, sé sin, ceacht a mhúineadh do no mná ar mhaith leo bheith chomh mhaith leis no fir! Chuaigh Sinann, cailín álainn de Thuatha Dé Danann go tobar draíochta Chonnla chun bua na filíochta agus na halaíona a mairt, ach d'éirigh an t-uisce suas ina thuile as an tobar agus scuabadh chun siúil an óinseach bhocht a raibh sé de dhánaíocht aici bheith ag lorg "Womens' Lib." Bádh í ar ndóigh agus tugadh a hainm ar an abhainn a gineadh ar an mbealcha aisteach seo.

"Boi ingen, ba buide barr,
thall a tuathaib de Danann,
Sinann gasta co gnne glain
ingen Lodain luchair-glain.

Teit ind ingen, toisc uaille,
'na ndiaid 'sin sruth srib-uaine:
baitear hi da toisc an All;
conid uaidi ata Sinann."

Is ag an loc ag Ruscadh a chéad bhuaileann an seoltóir intíre le Condae Liatroma, nó arbh fhearr dom Con Maicne nó Muintir Eolais a rá? Is é seo an áit is faide ó dheas sa chondae agaus is anseo a bhuaileann an taistealaí ó Bhaile Átha Cliath leis an abhainn agus leis an gcondae ag an am céanna. Bíonn sé deachair a chur ina luí ar dhaoine on bpríomhchathair cé chomh cóngarach is atá Co. Liatroma dóibh. Ní chreideann siad gur lua na nócha míle an turas. Dar leo tá Condae Liatroma i gcéin uatha in Iarthuaiscert na tíre in éineacht le Co. Sligigh agus Co. Dún na nGall. I mo thuairim níl an mhíthuiscint seo ag déanamh tairbhe ar bith don chondae seo.

Dream ionta féin iad coimeadaithe loc na Sionainne. Bíonn aithne thar bharr acu ar a chéile agus ar bhuantaistealaithe na habhann. Scaipeann gach nuacht ar nós na gaoithe ó cheann ceann na Sionainne. Ar an mbealach sin tá an abhainn cosúil le sráid i mbaile beag. Is iad na coimeadaithe loc seo na cáirde is fearr atá ag na hainniseoirí bochta nach bhfuil ach ag tosnú ar eolas a chur ar cheird na loingseóireachta. Cuma cé chomh haineolach iad cabhraítear leo, maitear a bpeacaí agus cuirtear chun siúil iad le focal molta agus misnigh. Ni haon leasainm é "aingil" ar mhuintir Aingle ag loc Rúscaigh.

Taréis Ruscach a fhágail ní fada go leathnaíonn an abhainn amach ina loch—Loch Bó Finne. Cé nach féidir liom teacht air is cinnte ag raibh finnscéal éigin ag miniú an ainm seo ann, agus Loch Bó Deirge chomh maith. Nuair nach bhfuil teacht air caithfimid bheith dá eagmais, nó finnsceal dúr gcuid féin a chumadh. Fágaimis an gnó sin faoi Bhord Fáilte mar is maith iad chun finnscéalta, fabhalscéalta agus leitscéalta a chumadh! Má leanaimid de bhruach deas an locha sroicfimid Dromad. Is deas an áit é seo lenár scith a ligint, nó deoch a ól, mura bhfuilimid ró leisciúil le siúl chomh fada leis an sráidbhaile. Is é Dromad an t-aon staisiun atá fagtha ag Coras Iompair Éireann i gCondae Liatroma—tá an ceann ag Cara Droma Rúisc i gCondae Roscomáin. Le fada ba é seo ceann scríbe ag Bothar Iarainn Chabháin agus Liatroma agus bhí dóchas láidir ann nuair a osclaíodh an coras sin beagnach seachtó bliain ó shin go mbainfheadh muintir an Tuaiscirt úsáid as chun teacht go dtí an tSionainn ar a laethe saoire, agus bhítí ag tathaint ar Ríaltas Shasana ag an am airgead a chur ar fáil chun an cé agus an caladh a chur in ord is in eagar.

Ar aghaid linn arís. Caithfimid seoladh ó dheas ar feadh tamaill taréis Dromad a fhágail sula geasaimid siar agus ó thuadh trasna Loch Bó Finne. Ar ár naghaidh amach tá Doire an Chairn. Bhíodh áth ag an áit seo fadó agus bhíodh teach mór ag muintir Ormsby-Gore ar an gcnoc ag féachaint anuas ar an radharc fíorálainn. Ach ní ar sin atá mé ag smaoineamh ach ar an dán Fiannaíochta sin "Doire an Chairn". Ní miste rann as an liric beag alain n sin a athlua anseo:

"Binn sin, a Loin Doire an Chairn
ní chualas in aird sa mbith
ceol ba bhinne na do ghuth
is tú fa bhun do nid."

B'fhéidir go bhfuil Doire an Chairn eile in Éirinn ach táim cinnte de gurbh é an áit seo a bhí in aigne an fhile a scríobh na línte sin na céadta bliain ó shin. Mar a dúirt mé bhíodh áth ag an áit seo fadó agus ní haon ionadh go measfadh an file go mbíodh Fionn agus na Fianna anseo ag faire agus ag gardáil. Is beag áit ar an abhainn ar fad atá chomh hálainn leis. Mar a deir an file:

"Doire an Chairn an Choill úd thiar
mar a níodh an Fhiann fos
ar áille agus ar chaoimhe a chrann
isea do cuireadh ann an Ion."

Ag Doire an Chairn fagaimid Loch Bó Finne in ar ndiaidh agus ar aghaidh linn go dtí Loch Bó Deirge. Taréis an loch sin a thrasnú éiríonn an abhainn caol arís ach ní fada go leathnaíonn sí amach i Loch Tap. Nach íontach iad locha seo na Sionainne agus nach mór an difríocht idir bheith á seoladh agus bheith ag tiomaint cairr ar bhoithre plodaithe na linne seo. Ba mhaith a thuig na seanmhanaigh é sin nuair a bhunaigh siad Cluain Mac Nóis agus áiteanna eile dá leithéid ar a bruacha. Is cuimhin liom an Canonach Ó Cearnaigh—go ndéana Dia grasta ar a anam uasal Gaelach—ag cur na mainistreacha agus na teampaill a bhíodh ar bhruacha na Sionainne tráth i gcomparáid le paidirín a cumadh de chum glóire Dé agus onóra na hÉireann. Ceann de na háiteanna naofa seo ab ea Eanach Dubh atá ar thaobh na láimhe deise agus muid ag seoladh i dtreo Druim Snámha.

Cúpla seachtain ó shin d'fhiafraigh duine eigin díom cen t-ainm a bhí ar an dealbh taobh amuig den Natural History Museum i gCearnog Muirfeain. Nior chreid sé mé nuair a dúirt mé gurbh fhear as Druim Snámha a bhí ann! Tá eolas ag alan gur chaith Anthony Trollope tréimhse i nDruim Snámha agus gur scríobh sé "The McDermotts of Ballycloran" faoi theaghlach sa cheantar, acvh cé mhéid a bhfuil eolas acu ar an saighdiúir, an mainlía agus an taiscealaí cáiliúil úd Parkes, as Druim Snámha, ar tógadh an dealbh sin ina onóir. Go dtí go ndearnadh an "Jamestown Cut" ba é Druim Snámha ceannscríbe trácht na Sionainne, ach ó shin i leith chuaigh a thabhacht i leig. Tá súil agam go gcabhróidh an fás atá ag teacht arís ar an trácht sin leis an mbaile beag seo agus le gach baile beag eile ar bharuach na habhann.

Fagaimid Druim Snamha agus ar ais linn ag dul thar Eanach Dubh arís go dtí go dtagaimid chomh fada leis an Albert Lock. Is deas buaileadh leis na Búrcaigh arís agus ar ndóigh déanaimid dreas cainte leo. Ag dul tríd an Jamestown Cut bá dhóigh leat gur ag seoladh canálach a bheifea. Is geall le príosún é tareis fairsingeacht an habhann agus na loc. Ach ní fada go sroicimid an abhainn agus saoirse arís. In áit dul ar aghaidh go Cara Droma Ruisc caithfimid tamall a chaitheamh ag Cill Srianáin, ceann de na háiteanna is stairióla sa chondae. Bhí máinistir ag Ord Naomh Phronsias anseo sna meánaoiseanna agus i 1622 bhunaigh Sir Charles Coote an baile nua—Jamestown. Is dócha gur cheap go mbeadh sé ar an mbaile ba thabhachtaí i dtuisceart Chonnachta. Ba bheag baile a rinneadh an cúram ceanna air. Tógadh fallaí láidre thart air. Bhí sí de cheart aige beirt fheisiri a chur go dtí Parlaiméid na hÉireann anonn go dtí 1800. Rinne Ó Beirne iarracht ar na plandóirí a chur amach in Eirí Amach 1641 ach nior éirigh leo. Ba anseo a gairmead le chéile Seanad de na hEasbaig

Chaitliceacha i 1650 agus daichead bliain ina dhiaidh sin chaith an Sairséalach cróga tréimhse ag gárdáil na Sionainne anseo. Ní haon ionadh gur mhaith le muintir an bhaile go bhfágfaí an Áirse ina seasamh—an t-aon comhthartha so-fheicthe atá fagtha.

Tá orainn dul ar aghaidh go Cara Droma Rúisc. Ní fada go dtagaimid go Loch Coraidh, leathnú eile ar an abhainn. Seolaimid thar Inis Mucair agus fagaimid an loch inár ndiaidh. Caolaíonn an abhainn arís agus is gearr go dtagann Cara Droma Rúisc i radharc. 'Siad na foirgintí is tuisce a fheicimid ná Oispidéal Naomh Pádraig agus an Clochar Mairisteach. Mura raibh moran bia le fail fadó i dTeach na mBocht btí aer folláin ann agus radharc íontach ar an dúiche maguaird. Buíochas le Dia, tá an t-aer folláin agus an radharc álainn ag na hothair in Ospidéal Naomh Pádraig fós anois, chomh maith le flúirse bis agus gach cúram da bheabhas.

Thagair mé cheana do na manaigh a dhéanadh conaí ar bhruacha na Sionainne in áiteanna mar Cluain Mac Nois agus Eanach Dubh. Nuair a thainig na siúracha Mairisteacha go dtí Cara Droma Rúisc, lean siad leis na nós mar bhunaigh siad an clochar agus an scoil in áit álainn a raibh ríradharc auithi ar an tSionainne á lúbadh féin ar nós eascoine taobh ó dheas de Chara Droma Rúisc.

Ba ar an gcnoc céanna ar a bhfuilimid ag féachaint a rugadh agus a tógadh M. J. Mac Manuis. Ní dhearna sé dearmad den áit den bhaile i rith a shaoil. Cé gur chreid mé fein narbh ghile é ar chor ar bith, dar liam tá na vearsaí a chum sé níos fearr na cuid den stuif a dtugtar filíocht air anois. Tá an trua agus an tuiscint a bhí aige dá mhuintir fein—muintir Liatroma, an déistean a bhí aige do lucht na hImpireachta agus dóibh siud a bhíodh ag sodar ina ndiaidh, agus an grá agus an dílseacht dá háit dúchais agus dá thir le brath go doimhin ina chuid filíochta.

"MHUINTIR EOLAIS"

Faoi seo táimid ag seoladh faoi dhroichead Chara Droma Rúisc. Níl a fhios agam cé mheid droichead a tógadh anseo ó cuireadh an chéad cheann ann, ach bhí ath ann ó thus agus is minic sna hAnnála tagairtí do dhreamanna eagsúla ag trasnú anseo chun ionsaí a dhéanamh ar a chéile. Ní anseo a thrasnaigh na Francaigh i 1798 faoi mar a chreidtear ach ag Baile na Trá in aice le Druim Sean mBoth. Ba iad na Sasanaigh a bhí ar thoir Humbert taréis Rásaí Chaisleán a'Bharraigh a chuaigh tré Chara Droma Rúisc ar a mbealach go Baile na Muc. Creidtear gur ar an mbaile seo a crocadh cuid de na méirligh bhochta a gabhadh taréis an chatha sin, ach níltear cinnte an sa seanphriosún atá imithe anois nó ar "Gallows Hill" a cuireadh an sampla sin de "law and order" i bhfeidhm. Tá an priosún imithe anis agus marína brea ina áit ansin ar thaobh na laimhe deise.

Is speisiuil iad ainmneacha na mbailte fearainn sa tír seo. Mar shampla, tá Lios na gCat agus Curraigh Eolais in aice linn agus muid ag seoladh i dtreo Litroma. Níl a fhios agam cén sceal na seanchas atá ag baint le Lios na gCat ach is cinnte go dtáinig "Curraigh Eolais" ó "Mhuintir Eolais" an t-ainm a bhíodh ann fadó ar mhuintir Dheisceart Chondae Liatroma. An té a bheadh ag iarraidh eolas a dhingeadh isteach i gceann an aosa óig sa lá atá inniu ann bheadh sé in amhras faoi an tideal "Muintir Eolois" a thabhairt ar an nglún seo!

Anois taimid ag an áit a ndeanann Abhainn na Buaile cumar leis an tSionainn. Nílimid chun seoladh go dtí Loch sárálainn Cé ach i dtreo Liatroma. Tá Cara Droma Rúisc taobh thiar dúinn agus ní fada go bhfeicimid droichead Hartley mar fhrama pictiúir agus Sliabh an Iarainn ina lár dár mealladh chuige. Is deas an áit í seo de ló is d'oiche agus cuimhnim liom gur románsach an áit í ar oíche speirghealaí roinnt bliana ó shin.

Níl an abhainn inseolta níos faide na Droichead an Chatha agus casaimid isteach béal Canáil Bhéal an Átha agus Bhéal Átha Chonnaill agus i gceann noiméid taimid ag ceann scríbe, Liatroim. Is as an mbaile sea ata an condae ainmithe, agus cé nach bhfuil ann ach sraidbhaile anois, ba thabhatach an áit é uair. Thóg Ó Ruairc caisleán anseo chun smacht a choimead ar Mac Raghnaill agus na taoisigh eile i gCon Maicne. Ba mhinic a d'ionsaigh na Sasanaigh é agus té fhios ag an saol gurbh anseo a tháinig Ó Suilleabháin Bheara taréis a thurais fhada ó Dhun Baoi i gCondae Corcaigh 1602. Ní bhíonn na taistealaithe a thagann go Litroim sa lá atá inniu ann chom spíonta nó chomh bocht leis na Suilleabhánaigh ach cuirtear an fháilte chéanna rompu.

Tá ár naistear críocnaithe go fóill. B'fheidir, lá eile go mbuailfimid bothar arís nó go leanfaimid an abhainn uasal ársa sec direach go dtí a foinse, Log na Sionainne.

William Cox & Sons
Automobile Engineers
MAIN ST. & BOYLE RD.
CARRICK-ON-SHANNON
A.A. Appointed Garage.
Cars for hire. Petrol and oil.
Repairs to all makes of cars.

Christie Nolan
M.P.S.I., Ph. C.
PHARMACEUTICAL AND
VETERINARY CHEMIST
PHOTOGRAPHIC SUPPLIES
BRIDGE STREET,
MOHILL

Fashion News from
MURTAGH'S
CARRICK-ON-SHANNON
Leitrim's leading fashion house.
Specialists in exclusive ladies' and gent's high fashion clothes.
Household Suppliers.
Telephone 98.

SETTLE ON A REALLY GOOD MATTRESS AND LEAVE THE REST TO RESPA
QUALITY MATTRESSES AND DIVANS
respa
RESPA PRODUCTS (1972) LIMITED
Cavan Road, Oldcastle, Co. Meath **Phone: Oldcastle 160**